

## Saorchead isteach ar na léachtaí.

Ráta speisialta do lóistín agus béilí  
i gColáiste na Rinne:

Deireadh seachtaine (lóistín 2 oíche, & béilí) €130

Aon lá amháin/lóistín oíche amháin (& béilí) €70

Satharn - Lón agus dinnéar €30

Cuir lóistín in áirithe le Sinéad i gColáiste na Rinne  
sinead@anrinn.com nó 058-46128



Breis eolais:

Míchéal Ó Drisleáin

Coláiste na Rinne

058 46128

micheal@anrinn.com

www.anrinn.com



## Comhdháil

‘Ar muir agus ar tír:  
seanchas na réabhlóidí’



Coláiste na Rinne,  
An Rinn, Co. Phort Láirge

30 Meán Fómhair –  
2 Deireadh Fómhair 2016

 **Coláiste  
na Rinne**



An Roinn  
Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta  
Department of  
Arts, Heritage and the Gaeltacht

 **UCC**  
University College Cork, Ireland  
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

19  
.....  
2016  
CLÁR COMÓRTHA  
CÉAD BLIAIN  
Centenary Programme



 **Coláiste  
na Rinne**

 **UCC**  
University College Cork, Ireland  
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

### Dé hAoine, an 30 Meán Fómhair

7.30 – 8.00

Fáiltiú agus Oseailt Oifigiúil,  
Éamon Ó Cuív, T.D.

8.00 – 9.00

### Pádraig Ó Macháin

An réabhlóid tré shúile na bhfilí

9.00

Éirí na Gealaí  
(Dráma léirithe ag  
Aisteoirí an tSean-Phobail)



### Dé Sathairn, an 1 Deireadh Fómhair

9.30 – 10.15

### Liam Ó Riain

An Cnuasach Lámhscríbhinní a  
d'fhág an Dr Risteard de  
Hindeberg le huacht ag  
Leabharlann  
Choláiste na Rinne i 1916

10.15 – 11.00

### Ciarán Ó Gealbháin

'An diabhal, thá sé cailte agam,  
a Athair!': Risteard de  
Hindeberg (1863-1916) agus a  
Chomhlúadar Ceoil ag Tús an  
20ú hAois

Tae/caife

11.30 – 12.15

### Nicholas Carolan

Réaladh na hAislinge:  
Stan Ó Briain agus an Ceol  
Gaelach

12.15 – 1.00

### Áine Uí Fhoghlú

An chabhair ag teacht thar sáile

Lón

2.30 – 3.15

### Feena Tóibín

Náisiúnachas an Chraoibhín  
Aoibhinn ina óige dó

3.15 – 4.00

### Máire Mac Conghail

Áireamh 1911 agus pobal  
Rinn Ó gCuanach agus an  
tSean-Phobail

4.30

Turas treoraithe na  
Leabharlainne leis an  
Dr Aoibheann Nic Dhonnchadha,  
Coimeádaí Leabharlann de  
Hindeberg, Coláiste na Rinne

6.00

Dinnéar

7.30

Ceolchoirm



### Dé Domhnaigh, an 2 Deireadh Fómhair

9.00

Bricfeasta

11.30

Aifreann

1.00

Lón agus scaradh na gearad

### Éamon Ó Cuív, T.D.

Teachta Dála de chuid Fhianna Fáil i  
ndáilcheantar Ghaillimh Thiar. Chaith  
sé blianta ina Aire Stáit sa Roinn  
Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus  
Gaeltachta. Thóg sé isteach Acht na  
dTeangacha Oifigiúla 2003. Tá tuiscint  
an-mhaith aige ar shaol agus ar phobal  
na Gaeltachta.

### Pádraig Ó Macháin

Ollamh le Gaeilge, Roinn na  
Nua-Ghaeilge, Coláiste na hOllscoile,  
Corcaigh.

### Liam Ó Riain

Ón Sean-Phobal ó dhúchas. Oide  
bunscoile i nGaelscoil Choráin, Eochail.  
Ball d'Aisteoirí an tSean-Phobail agus  
Cór Fear na nDéise. MPhil idir lamha  
faoi láthair ar lámhscríbhinní an Dr  
Risteard de Hindeberg.

### Ciarán Ó Gealbháin

Ceoltóir agus amhránaí é Ciarán, a thug  
tamall leis an ngrúpa ceoil traidisiúnta,  
Danú. Bhain sé céim sa Léann Dúchais  
agus sa Ghaeilge ó COC sa bhliain 2006  
agus cáilíocht mhúinteoireachta an  
bhliain dar gceann. Tráchtas  
dochtúireachta bainte amach aige ar  
ghnéithe de thraidisiún amhránaíochta  
na nDéise. Tá sé ag léachtóireacht faoi  
láthair i Roinn an Bhéaloidis, ag  
múineadh ar chúrsaí céime na Roinne.  
Tá sé ar dhuine d'eagarthóirí Béasna,  
Iris Bhéaloideasa agus Eitneolaíochta  
COC, ó 2008 i leith.

### Nicholas Carolan

Bailitheoir agus staraí an cheoil  
Ghaelaigh is ea Nicholas Carolan /  
Nioclás Ó Cearbhalláin ó Dhroichead  
Átha. Chomhbhunaigh sé an chartlann  
náisiúnta ceoil Taisce Cheol Dúchais  
Éireann i mBÁC i 1987, ach is fearr  
aithne air mar chraoltóir teilifíse leis na  
cláracha Come West along the Road ar  
RTÉ agus Siar an Bóthar ar TG4.

### Áine Uí Fhoghlú

Is múinteoir meánscoile í Áine Uí  
Fhoghlú ón Rinn. Is file í chomh maith a  
bhfuil saothair fhilíochta foilsithe aici,  
ina measc siúd Aistear Aonair agus An  
Liú sa Chuan. Bhain sí amach céim  
MPhil sa Teangeolaíocht sa bhliain 2004  
don tráchtas aici ar ghramadach  
Ghaeilge na nDéise. Bhuaigh sí Gradam  
Filíochta Mhichíl Uí Airtnéide don  
bhliain 2008 dá saothar An Liú sa  
Chuan, foilsithe ag an gcomhlucht  
Coiscéim.

### Feena Tóibín

Céimí sa dlí is ea Feena, a bhfuil roinnt  
blianta caite aici ag oibriú sna meáin  
chumarsáide, agus atá anois ag tabhairt  
faoi staidéar iarchéime ar Dhubhghlas  
de hÍde agus ar a chuid dialannaí go  
háirithe.

### Máire Mac Conghail

Bleá Cliathach í Máire atá i mbun  
taighde ghinealais agus staire le breis is  
daichead bliain. Céimí í d'Ollscoil na  
hÉireann (Coláiste na hOllscoile, Baile  
Átha Cliath) agus ghnóthaigh sí an  
Diplóma sa Stair Áitiúil, in Ollscoil na  
hÉireann, Maigh Nuad, sa bhliain 1997. I  
dteannta a comhghleacaí Paul Gorry  
scríobh sí Tracing Irish Ancestors a  
d'fhoilsigh HarperCollins i ndeireadh na  
bliana 1997. Is ball de Ghinealeolaithe  
Creidiúnaithe Éireann í ([www.accredit-edgenealogists.ie](http://www.accredit-edgenealogists.ie)) agus le roinnt blianta  
anuas tá sí ina comhalta de Choimisiún  
Lámhscríbhinní na hÉireann. Thug sí a  
céad turas ar cheantar na Rinne agus an  
tSean-Phobail sna caogaidí.